

EOCHAIRTHEACHTAIREACHTAÍ

Ó

**Thuairisc an Phríomhchigire
2010 - 2012**

eti

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliána -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:

An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CUSTOMER
SERVICE
EXCELLENCE



Suímh réamhscolaíochta

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ bíonn eispéireas maith nó níos fearr réamhscolaíochta ag formhór páistí;
- ◇ síorfheabhsú san éifeacht ar an iomlán san earnáil dheonach agus phríobháideach;
- ◇ tá caighdeán nó gnóthachtáil maith nó níos fearr i 80% de na suímh réamhscolaíochta a chuaigh faoi chigireacht;
- ◇ sna suímh mhaithe go sármhaith, bíonn cumarsáid mhaith ag an bhfoireann le réimse leathan eagraíochtaí eile chun tacú leis an bhfoghlaim & le cúram na bpáistí agus le dea-chleachtas a scaipeadh; agus
- ◇ sna suímh is fearr, éascaítear tuismitheoirí le baint shuntasach a bheith acu le foghlaim agus le forbairt a gcuid páistí.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ breis forbartha a dhéanamh ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn fhoghlaim na bpáistí thar na céimeanna go léir;
- ◇ scileanna foirne a fhorbairt ar bhonn leanúnach le clár réamhscolaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar; agus
- ◇ caighdeán na ceannasaíochta agus na bainistíochta a fheabhsú i 30% de na suímh a chuaigh faoi chigireacht.

Bunoideachas

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ éifeachtúlacht ar an iomlán atá maith nó níos fearr i 78% de na bunscoileanna a chuaigh faoi mheasúnú;
- ◇ faoin aois a fhágann páistí an bhunscoil, tá leibhéal ionchais sroichte ag 82% acu sa Bhéarla agus ag 83% acu sa Mhatamaitic;
- ◇ treocht feabhsúcháin i scileanna smaointeoireachta agus i gcumas pearsanta páistí;
- ◇ Measadh caighdeán foghlama agus múinteoireachta mar maith nó níos fearr i 82% de na ceachtanna breathnaithe; and
- ◇ feabhas tagtha ar chaighdeán na ceannasaíochta agus na bainistíochta ag gach leibhéal, anois tá sé maith nó níos fearr i 78% de na scoileanna a chuaigh faoi chigireacht, i gcomparáid le 68% sa tréimhse dheireanach tuairiscithe.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ caighdeán sa litearthacht agus san uimhearthacht a ardú arís i gcás chóir a bheith páiste amháin as gach cúigear;
- ◇ thart ar 18% den fhoghlaim agus den mhúinteoireacht a áirítear mar sásúil nó faoi bhun a fheabhsú: i measc na bpríomhréimsí, áirítear forbairt leordhóthanach scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na bpáistí mar aon lena dtuiscint mhatamaiticiúil; agus
- ◇ caighdeán na ceannasaíochta agus na bainistíochta a ardú i 22% de na scoileanna a chuaigh faoi chigireacht, mar a bhfuil gá le síorghníomhú ar chaighdeán arda agus ar mhórgníomhartha do gach páiste trí fhoghlaim agus trí mhúineadh sáréifeachtach agus trí leibhéal arda in ionchais mhúinteora.

Iar-bhunoideachas

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ bhí éifeachtúlacht ar an iomlán maith nó níos fearr i ngeall le dhá thriain de na hiar-bhunscoileanna a chuaigh faoi ghnáth chigireachtaí le linn na tréimhse tuairiscithe;
- ◇ measadh na mórghníomhartha agus na caighdeáin mar maith nó níos fearr i 68% de na scoileanna a chuaigh faoi chigireacht;
- ◇ bhí ardú seasmhach i mórghníomhartha na bhfágálach scoile a bhaineann cúig TGMna A*-C amach (coibhéisí san áireamh) go 73.2%, ach thuill 64.5% daltaí a chur isteach ar scrúduithe A leibhéal (nó scrúduithe coibhéisí) A*-C i dtrí ábhar;
- ◇ bíonn scoileanna go ginearálta éifeachtach i dtacú le forbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig; áiríodh gur grinníodh cúram tréadach maith nó níos fearr i bhformhór na scoileanna; agus
- ◇ Tá feabhsú tagtha ar sholáthar GECT (Gairmthreoir, Eolas, Comhairle agus Treoir), ó leibhéal íseal go leibhéal maith nó níos fearr i 68% de na scoileanna a chuaigh faoi chigireacht.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ Táirgeachtaí ag TGM do dhaltaí go léir a fheabhsú sa Bhéarla agus sa Mhata i bhfianaise ar an ábhar nach mbaineann ach 59% na bhfágálach scoile cúig TGM ar a laghad amach ag grád A*-C agus scrúduithe coibhéisí, Béarla agus Mata ina measc, go háirithe dóibh siúd atá ina dteideal do bhéiltí saor in aisce, nuair nach bhfuil an caighdeán seo ach sroichte ag duine as triúr;
- ◇ Béim níos mó ar mhonatóireacht éifeachtach a chinntiú agus ar mheasúnú ar chaighdeán an tsoláthair, nuair a tuairiscíodh nach raibh na gníomhaíochtaí le feabhas a chur chun cinn maith go leor i ngeall le 50% de na scoileanna a iniúchadh; agus
- ◇ caighdeán na ceannasaíochta agus na bainistíochta a fheabhsú i thart ar 39% de na scoileanna a chuaigh faoi chigireacht.

Riachtanais oideachais speisialta agus cuimsiúchán

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ tá feabhas tagtha ar mhórgníomhartha agus ar chaighdeán i scoileanna speisialta agus tá fágálaigh scoile ag baint leibhéal maith nó níos fearr creidiúnaithe amach;
- ◇ sna cleachtais is fearr, tá múinteoirí ag baint úsáide éifeachtaí as próifílí foghlama na ndaltaí le cuir chuige foghlama níos indibhidiúla a phleanáil;
- ◇ tá an tosaíocht a thugtar do ORS agus an phróifíl atá bainte amach acu feabhsaithe sna scoileanna príomhshrutha;
- ◇ tá cumas níos fearr déileála á fhorbairt ag iar-bhunscoileanna chun déileáil le daltaí a bhfuil saghsanna dúshlánacha iompair acu; agus
- ◇ tá feabhas tagtha ar na naisc idir SMO (Soláthar Malartach Oideachais) agus scoileanna príomhshrutha agus táthar ag cur le feabhsú táirgeachta do dhaltaí.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ líon méadaitheach na ndaltaí ar chlár ORS a laghdú, mar aon leo siúd le ráitis i scoileanna príomhshrutha;
- ◇ an spleáchas ar thacaíocht sheachtrach a laghdú, go háirithe i mbunscoileanna, trí chumas na foirne a fheabhsú le freastal ar na riachtanais aitheanta níos luaithe agus ar bhonn níos éifeachtúla; agus
- ◇ mórgníomhartha agus caighdeán an tsoláthair OSAS (Oideachas Seachas ar Scoil) a fheabhsú, chomh maith le caighdeán sábháilteachta, lóistín agus acmhainní a fheabhsú d'fhormhór na daltaí.

An Óige

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ na feabhsuithe atá tagtha ar sholáthar óige, mar a measadh éifeachtacht ar an iomlán bheith maith nó níos fearr i chóir a bheith 75% den soláthar le linn na tréimhse seo tuairiscithe;
- ◇ an feabhsú feicthe ag cuairteanna cigireachta iar-iniúchta, inar taispeánadh gur tháinig feabhas de níos mó ná leibhéal feidhmíochta amháin ar cheathair as sé de na heagraíochtaí a chuaigh faoi chigireacht;
- ◇ cáilíocht mhórghníomhartha agus chaighdeán na ndaoine óga a bhí maith nó níos fearr i 84% de na heagraíochtaí a chuaigh faoi chigireacht;
- ◇ forbairt struchtúr rannpháirtíochta éifeachtacha do dhaoine óga; agus
- ◇ an luach suntasach sa bhreis a chuireann oibrithe deonacha leis an earnáil óige ar bhonn leanúnach.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ úsáid na féinmheasúnaithe a leabú níos doimhne mar bhealach le feabhas a chur chun cinn;
- ◇ páirtnéireachtaí idir an earnáil óige agus an t-oideachas foirmiúil a fhorbairt níos mó le cinntiú go bpleanáiltear agus go mbainistítear soláthar ar bhonn níos straitéisí; agus
- ◇ aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh san fhorbairt leanúnach phroifisiúnta d'oibrithe lánaimseartha san earnáil óige; go háirithe an tacaíocht sa bhreis atá ag teastáil leis na daoine ag tús a ngairme agus leo siúd a bhfuil a gcuid cleachtais faoi bhonn sásúil.

Breisoideachas

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ comhdhlúthú agus forbairt bhreise na sé choláiste réigiúnda oiliúna mar a raibh an ráta éifeachtúlachta i 80% den soláthar ar an iomlán maith nó níos fearr;
- ◇ méadú ó 61% i 2009-10 go 70% i 2010-11 i rátaí éifeachtúlachta ar an iomlán thar an earnáil breisoideachais agus an meánráta fanta seasmhach ag thart ar 88%;
- ◇ Na caighdeáin fhoghlama agus mhúinteoireachta maith nó níos fearr sa chuid is mó de na ranganna (81%), le mionlach suntasach (44%) atá an-mhaith nó sármhaith;
- ◇ fágann an infheistíocht shuntasach san infreastruchtúr breisoideachais na coláistí in áit mhaith le ceannasaíocht a léiriú ar sheachadadh curaclaim atá ar ardchaighdeán, solúbtha agus ábhartha ar bhonn eacnamaíoch; agus
- ◇ trí réimse leathan clár príomhshrutha do dhaoine fásta agus cláir fhor-rochtana, soláthraíonn na coláistí rochtain mhaith ar an oideachas agus ar fhéidearthachtaí traenála ag réimse leibhéal.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ faisnéis áitiúil faoin mhargadh fostaíochta atá ann cheana féin a mhéadú leis an gcuraclam foghlama, obairbhunaithe, cúng in amanna, a leathnú agus, go háirithe roghnú agus scóip an tsoláthair ApprenticeshipsNI a leathnú i roinnt eochaircheantair tíreolaíochta.
- ◇ feabhas a chur ar na mórghníomhaíochtaí agus na caighdeáin i gcás mionlaigh daltaí nach bhfuil maith go leor; agus
- ◇ soláthar scileanna riachtanacha a fheabhsú, mar a bhfuil laigí tábhachtacha aimsithe i gcaighdeán soláthair na scileanna riachtanacha in dhá cheann de na coláistí.

Foghlaim obairbhunaithe

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ na feabhsuithe nochta san earnáil, mar a bhfuil an éifeachtúlacht ar an iomlán maith nó níos fearr i 73% de na heagraíochtaí a chuaigh faoi chigireacht;
- ◇ an soláthar ApprenticeshipsNI a bhí maith nó níos fearr, seachas i gcúpla cás eisceachtúil, sna heagraíochtaí a speisialaíonn i gcláir fhostóir-threoraithe cosúil le suiteáil aerárthaigh agus innealtóireacht leictreach agus leictreonach;
- ◇ An traenáil a bhí maith nó níos fearr, mar a bhfuil níos mó ach sa bheagán ná trí cheathrú de na seisiúin traenála san ionad oibre agus stiúrtha a chuaigh faoi ghrinniú measta mar bheith maith nó níos fearr;
- ◇ feabhas suntasach i gcaighdeán an tsoláthair do na scileanna riachtanacha litearthachta agus uimhearthachta; agus
- ◇ an cheannasaíocht éifeachtach, cheannródaíoch a bhreathnaíonn amach a shonraíonn na heagraíochtaí is fearr.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ caighdeán an tsoláthair a fheabhsú i níos mó ná ceathrú de na heagraíochtaí a chuaigh faoi chigireacht;
- ◇ rátaí coinneála a fheabhsú, atá siad i bhfad ró-athraitheach thar an soláthar in ainneoin go bhfuil siad maith i gcoitinne; agus
- ◇ méadaigh úsáid ILT leis an bhfoghlaim a fheabhsú; tá sé go fóill fo-dhúshaothraithe.

Cláir fhostaíochta do dhaoine fásta (Céimeanna chun na hoibre)

Ag dul chun cinn go maith

Áirítear mar láidreachtaí:

- ◇ éifeachtúlacht an chláir Céimeanna chun na hoibre ar an iomlán atá maith nó níos fearr i gcás ochtair as na ndeichniúr bpríomhchonraitheoir agus sásúil sa dá cheann eile;
- ◇ bunaithe ar shonraí RFF, tá thart ar 60% de na príomhchonraitheoirí ag teacht le spriocanna RFF maidir le rannpháirtithe ag baint fostaíochta buaine amach;
- ◇ feabhas suntasach i gcaighdeán na tacaíochta curtha ar fáil ag an gcuid is mó de na príomhchonraitheoirí le hullmhacht chun oibre agus scileanna infhostaitheachta na rannpháirtithe a fheabhsú;
- ◇ dul chun cinn maith déanta ag an gcuid is mó de na rannpháirtithe a gcuid spreagthachta oibre, iontaoibhe agus féinmhuiníne a fhorbairt le cabhrú leo a gcuid scileanna pearsanta agus inaistrithe a fheabhsú; agus
- ◇ na straitéisí nuálacha a úsáideadh chun feabhas a chur ar chaighdeán agus ar chainníocht na socruithe le haghaidh taithí oibre ar dhóigh dóibh daoine a stiúradh i dtreo na fostaíochta agus atá an-leitheadach nuair atá an cheannasaíocht agus an bhainistíocht an-mhaith nó sármhaith.

Ag féachaint amach romhainn

Tá gá le:

- ◇ leanúint leis an treocht aníos agus feabhsú a chur chun cinn i measc an mhionlaigh shuntasaigh de na príomhchonraitheoirí nár bhain sprioc reatha RFF don chlár amach;
- ◇ na socruithe féinmheasúnaithe agus an phleanáil le haghaidh ardú caighdeán a fhorbairt i mionlach na bpríomhchonraitheoirí; agus
- ◇ tacú le níos mó príomhchonraitheoirí straitéisí nuálacha a chur i bhfeidhm ar chaighdeán agus ar chainníocht na socruithe le haghaidh taithí oibre ar dóigh dóibh daoine a stiúradh i dtreo na fostaíochta.

EOCHAIRTHEACHTAIREACHTAÍ

ó

Thuairisc an Phríomhchigire

2010 - 2012